

AGUISÍN 5

RÁITEAS TÁIRGEACHTA BLIANTÚIL

Mar chuid de Leasuithe Próiseála an Bhuiséid ar chuir an tAire Airgeadais tús leo i mBuiséad 2005, tá Ráitis Táirgeachta Bhliantúla le foilsiú ag na ranna ó 2007 ar aghaidh. Tá na Ráitis Táirgeachta deartha leis príomhtháirgeachtaí agus na héifeachtaí straitéiseacha a mheaitseáil le hacmhainní airgeadais agus foirne don bhliain airgeadais.

Chuir an Roinn a céad Ráiteas Táirgeachta Bliantúil (RTB) ar fáil i 2007. Is tuairisc chomhiomlán ardleibhéil í a nascann cuspóirí straitéiseacha na Roinne lena dáileacháin airgeadais agus pleananna gnó bliantúla. Rinne an Coiste Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh imscrúdú ar an RTB 2007 ar 29 Márta 2007. Déanfaidh an RTB 2008 tuairisciú ar na torthaí agus táirgeachtaí airgeadais a baineadh amach i 2007 chomh maith le spriocanna a leagan amach do 2008. Is é seo a leanas an Ráiteas Táirgeachta Bliantúil do 2007.

1. Achoimre ar spriocanna ardleibhéil na Roinne sa Ráiteas Straitéise 2005-2007, táscaire/í éifeachta comhiomlán(a) do gach sprioc agus clár chaiteachais choibhneasa.

Sprioc Ardleibhéil 1 – Daoine ar Scor agus Daoine Breacaosta

Pinsin imleora, slána agus inbhuanaithe a chinntiú do dhaoine ar scor agus do dhaoine breacaosta agus seirbhísí breise a chur ar fáil mar fhreagra ar na riachtanais atá ag athrú ina gceadaítear dóibh caighdeán maireachtála a choinneáil agus aois scoir sroichte acu.

Táscaire éifeachta comhiomlán

- Rátaí seasta bochtaineachta do dhaoine breacaosta.

Clár

- Daoine ar Scor agus Daoine Breacaosta.

Sprioc Ardleibhéil 2 – Daoine in Aois Oibre

Tacaíochtaí ioncaim agus rochtain ar sheirbhísí cuí a chur ar fáil do dhaoine in aois oibre nach bhfuil in ann ioncam a dhainniú (nó ioncam imleor) trí bheith fostaithe agus é a dhéanamh níos éasca dóibh tabhairt faoi fhostaíocht, oiliúint, oideachas nó deiseanna forbartha ábhartha de réir mar is cuí.

Táscairí Éifeachta Comhiomlána

- Rátaí seasta bochtaineachta do dhaoine in aois oibre;
- Rátaí fostaíochta rannpháirteacha do chatagóirí éagsúla de dhaoine in aois oibre.

Clár

- Daoine in Aois Oibre.

Sprioc Ardleibhéil 3 - Leanaí

Folláine gach leanbh a chinntiú trí thacaíocht ioncaim a chuidíonn le costais tógála linbh i gcoitinne, na cinn a eascraíonn i gcásanna riachtanais nó mibhuntaíste ar leith ina measc.

Táscaire éifeachta comhiomlán

- Rátaí bochtaineachta seasta do leanaí agus do theaghlaigh.

Clár

- Leanaí agus Teaghlaigh.

Spríoc Ardleibhéil 4 – Clúdach, Rochtain agus Teidlíocht

A chinntiú go bhfuil raon agus leibhéal an chlúdaigh slándála sóisialaí feiliúnach do chúinsí sóisialta agus geilleagracha na ngrúpaí éagsúla, gur féidir na seirbhísí a bhfuil na daoine cáilithe dóibh a aimsiú go héasca agus go gcuirtear ar fáil iad i mbealach éifeachtach, éifeachtúil agus comhtháite, trí sholáthar díreach chuig ár gcustaiméirí agus trí thacú le gníomhaireachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil dár gcustaiméirí.

Táscaire éifeachta comhiomlán

- Sásamh na gcustaiméirí mar a dhéantar a thomhas trí shuirbhéanna rialta custaiméirí.
- Forfheidhmiú Phlean Gnímh Nuachóirithe na Roinne.

Cláir

- Daoine in Aois Oibre.
- Cumais Oibríochta.

Spríoc Ardleibhéil 5 – Bochtaineacht, Cuimsiú Sóisialta agus Teaghlaigh

Tacú le teaghlaigh agus iad a chothú le táirgeachtaí níos fearr a bhaint amach agus iad ag tabhairt faoi bhochtaineacht agus sochaí atá níos cuimsithe a bhaint amach, trí chomhordú agus forbairt a dhéanamh ar straitéisí frithbhochtaineachta náisiúnta agus iad a chur i bhfeidhm, agus trí ioncam agus seirbhísí tacaíochta eile do dhaoine i bhfiach nó atá i mbaol de bheith i gcrúatan a sholáthar.

Táscaire éifeachta comhiomlán

- Feidhmíocht in aghaidh raon na dtáscairí comhaontaithe a úsáidtear le bochtaineacht a thomhas ag leibhéal náisiúnta agus AE (e.g. ráta seasta bochtaineachta, i mbaol na bearna bochtaineachta, i mbaol an ráta bhochtaineachta atá ann ag an am etc.).
- Leibhéal feasachta poiblí ar bhochtaineacht agus cuimsiú sóisialta mar atá léirithe ag suirbhéanna tréimhsiúla.

Cláir

- Leanaí agus Teaghlaigh.
- Bochtaineacht agus Cuimsiú Sóisialta.

Spríoc Ardleibhéil 6 – An Roinn agus a Foireann

Eagraíocht éifeachtach, inoiriúnaithe agus chumasach a fhorbairt agus cultúr mórtais, nuálaíochta agus feidhmíochta a fhorbairt ina bhfuil an-bhaint ag daoine ag gach leibhéal léi agus timpeallacht a fhorbairt ina gcothaítear forbairt phearsanta agus gairme.

Táscaire éifeachta comhiomlán

- Forfheidhmiú Phlean Gnímh Nuachóirithe na Roinne.
- Sásamh na foirne, oiliúint agus forbairt mar a thomhaistear trí rannpháirtíocht in oiliúint agus forbairt, forfheidhmiú próiseas oibre nua, táirgeacht ó phróisis aiseolais.

Cláir

- Cumais Oibríochta.

CLÁR 1 – DAOINE AR SCOR AGUS DAOINE BREACAOSTA

Spríoc Ardleibhéil

Pinsin imleora, slána agus inbhuanaithe a chinntiú do dhaoine ar scor agus do dhaoine breacaosta agus seirbhísí breise a chur ar fáil mar fhreagra ar na riachtanais atá ag athrú ina gceadaítear dóibh caighdeán maireachtála a choinneáil agus aois scoir sroichte acu.

Eochairstraitéisí leis an Spríoc Ardleibhéil a bhaint amach

1. An Pinsean agus teidlíochtaí eile a shocrú agus a chur ar fáil in am, go cruinn agus go héifeachtach;
2. Athruithe ar rátaí leasa shóisialaigh a mholadh de réir pholasaithe an Rialtais agus riachtanais na hinbhuanaitheacht airgeadais;
3. Páipéar Uaine a fhoilsiú ar phinsin de réir Ghealltanais an Rialtais in *I dTreo 2016*;
4. Leanúint ar aghaidh agus feabhas a chur ar thacaíochtaí breise do dhaoine breacaosta trí Shochair Theaghlaigh agus Saorthaisteal a sholáthar;
5. Nósanna imeachta oiriúnacha a chur i bhfeidhm le calaois agus earráid a rialú bunaithe ar mheasúnú rioscaí;
6. Tacú le hobair an Bhoird Pinsean agus leis an Ombudsman Pinsean agus dul i gcomhairle leo le soláthar pinsean forlíontach forleathan, slán agus imleor a chothú; agus
7. An reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm.

<u>Ionchuir</u>	<u>Leithdháileadh 2007</u>
	€ milliún
Caiteachas an Chláir	
- Reatha	4,833.4
Riarachán an Chláir	
- Pá	15.8
- Neamh-Phá	56.3
Foriomlán Chaiteachas an Chláir	4,905.5
Leithreasaí i gCabhair	- 6.3
Glancaiteachas an Chláir	4,899.2
Líon Foirne (cothrom le lánaimseartha) ¹	350

¹ An fhoireann atá fostaithe go díreach ar scéimeanna sochair phinsin agus theaghlaigh amháin. Tá cigirí ginearálta ag obair ar scéimeanna pinsean freisin ach tá siad á n-aischur faoi Chlár 2.

<u>Aschuir</u>	<u>Spriocanna do 2007</u>	
(1) Meánlíon na bhFaightheoirí		
- Pinsean Stáit (Ranníocach)	229,600	
- Pinsean Stáit (Neamhranníocach)	96,500	
- Pinsean Stáit (Eatramhach)	7,000	
- Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníocach)	77,560	
(2) Amanna Próiseála	Am Imréitigh ²	Comhthéacs Toirte ³
- Pinsean Stáit (Ranníocach)	55% i 6 seachtaine	14,000
- Pinsean Stáit (Neamhranníocach)	65% in 8 seachtaine	11,500
- Pinsean Stáit (Eatramhach)	80% i 5 seachtaine	14,000
- <i>Sochair Theaghlaigh</i> Liúntas Leicreachais/Gáis	70% i 7 seachtaine	39,000
Liúntas Teileafóin	70% i 7 seachtaine	49,000
Saorthaisteal (pas nua)	90% i 4 seachtaine	16,000
(3) Spriocanna Rialaithe	Athbhreithnithe	Coigilteas (€m.)
- Scéimeanna Pinsean Stáit	16,000	18.5
- Sochair Theaghlaigh	13,500	8.0
(4) Páipéar Uaine ar phinsin a thabhairt chun críche	Deireadh Mhárta 2007	
(5) Arduithe Bhuiséad 2007 a chur i bhfeidhm sna neamhshuimeanna acmhainní don Phinsean Stáit (Neamhranníocach)	Mar thairbhe do 26,000 go neasach	
(6) Scéim Saorthaistil ar Fud na hÉireann do phinsinéirí a chur i bhfeidhm	Aibreán 2007	

² Am Imréitigh: Am atá caite idir an dáta a rinneadh an t-éileamh go dtí dáta a fhaightear an cinneadh.

³ Comhthéacs Toirte: An toirt bhliantúil a cheaptar rannóga scéime a ghlanadh go réasúnta.

CLÁR 2 – DAOINE IN AOIS OIBRE

Spriocanna Ardleibhéil

Tacaíochtaí ioncaim agus rochtain ar sheirbhísí cuí a chur ar fáil do dhaoine in aois oibre nach bhfuil in ann ioncam a dhainníú (nó ioncam imleor) trí bheith fostaithe agus é a dhéanamh níos éasca dóibh tabhairt faoi fhostaíocht, oiliúint, oideachas nó deiseanna forbartha ábhartha de réir mar is cuí.

A chinntiú go bhfuil raon agus leibhéal an chláir slándála sóisialaí oiriúnach do chúinsí sóisialta agus geilleagracha na ngrúpaí éagsúla.

Eochairstraitéisí leis na Spriocanna Ardleibhéil a bhaint amach

1. Teidlíochtaí a shocrú agus a chur ar fáil in am, go cruinn agus go héifeachtach;
2. Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar scéimeanna leasa shóisialaigh do dhaoine in aois oibre lena chinntiú go bhfuil ioncam imleor, slán agus inbhuanaithe agus tacaíochtaí gaolmhara acu i dtimpeallacht oibre agus sóisialta atá ag athrú;
3. Dul i ngleic go suntasach le daoine in aois oibre, go háirithe iad siúd atá dífhostaithe, breoite, daoine le míchumais, tuismitheoirí aonair, teaghlaigh ar ioncam íseal agus grúpaí imeallacha. Seirbhísí a chur ar fáil i gcomhar le gníomhaireachtaí eile cuí le spreagadh agus tacaíochta a thabhairt do na daoine seo agus iad ag dul i mbun fostaíochta, oiliúna, oideachais nó deiseanna forbartha ábhartha, agus tríd an bhFochlár Gníomhachaithe sa *Phlean Náisiúnta Forbartha 2007-2013* ina measc;
4. A chinntiú nach gerthaítear baic leis na tacaíochtaí ioncaim agus na sochair thánaisteacha agus fostaíocht, oideachas, oiliúint nó forbairt á lorg, ag glacadh lena leithéid nó ag cur feabhas ar a leithéid;
5. Nósanna imeachta oiriúnacha a chur i bhfeidhm le calaois agus earráid a rialú bunaithe ar mheasúnú rioscaí;
6. A chinntiú go bhfuil tacaíochtaí agus tacaíochtaí do chúramóirí éifeachtach agus éifeachtúil, ina bhfuil a riachtanais aitheanta agus ina dtugtar faoi bhochtaineacht agus eisiámh sóisialta go leormhaith agus ina bhfuiltear inoiriúnaithe do riachtanais chúramóirí i dtimpeallacht cúraim atá ag athrú; agus
7. A chinntiú go bhfuil clúdach an Árachais Shóisialta Phá-Choibhneasa (ÁSPC) oiriúnach do chúinsí daoine fostaithe, féinfhostaithe agus catagóirí eile daoine faoi seach.

<u>Ionchuir</u>	<u>Leithdháileadh 2007</u>
	€ milliún
Caiteachas an Chláir - Reatha	6,254.0
Riarachán an Chláir - Pá	133.8
- Neamh-Phá	70.9
Foriomlán Chaiteachas an Chláir	6,458.7
Leithreasaí i gCabhair	-10.7
Glancaiteachas an Chláir	6,448.0
Líon Foirne (cothrom le lánaimseartha) ⁴	2,860

⁴ Foireann a fhostaítear díreach ar riarachán na scéimeanna cuí, an fhoireann iomlán oifige áitiúil, cigirí agus lia-réiteoirí ina measc.

<u>Aschuir</u>	<u>Spriocanna do 2007</u>	
(1) Meánlíon na bhFaightheoirí		
- Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta		52,500
- Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta		80,200
- Scéimeanna tacaíochta fostaíochta		17,860
- Sochar Máithreachais agus scéimeanna gaolmhara		17,305
- Sochar Breoiteachta		69,700
- Sochair Dhíobhálacha Ceirde		14,870
- Liúntas Míchumais		86,430
- Pinsean Easláine		52,600
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora		83,550
- Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníocach)		33,240
- Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Neamhranníocach)		2,200
- Sochar Banchéile Thréigthe		9,400
- Sochar agus Liúntas Cúramóra		33,600
- Sochar Cóireála		820,400
(2) Amanna Próiseála	Am Imréitigh⁵	Comhthéacs Toirte⁶
- Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	85% in 2 sheachtain	120,000
- Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	70% in 2 sheachtain	120,000
- Sochar Máithreachais	80% roimh thréimhse an tsochair	28,000
- Sochar Breoiteachta	90% in 1 sheachtain	200,000
- Liúntas Míchumais	70% i 13 seachtaine	12,000
- Pinsean Easláine	70% i 9 seachtaine	7,500
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora – Baintreach	75% in 8 seachtaine	600
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora – Neamhphósta	55% in 8 seachtaine	13,600
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora – Céile scartha	65% i 13 seachtaine	6,500
- Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníocach)	80% i 5 seachtaine	8,500
- Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Neamhranníocach)	75% in 8 seachtaine	1,300
- Liúntas Cúramóra	70% i 13 seachtaine	6,000
- Sochar Cóireála	90% in 2 sheachtain	684,000
(3) Spriocanna Rialaithe	Athbhreithnithe	Coigilteas (€m.)
- Sochar agus Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	125,000	137.0
- Scéimeanna Breoiteachta ⁷	149,500	76.0
- Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora agus íocaíochtaí a bhaineann le cothabháil	50,500	91.5
- Liúntas Cúramóra (athbhreithniú leighis ina measc)	10,500	7.5
(4) Iniúchtaí ÁSPC – Líon iniúchtaí Fostóra	7,000	10.5

⁵ Am Imréitigh: Am atá caithe idir an dáta a rinneadh an t-éileamh go dtí dáta a fhaightear an cinneadh.

⁶ Comhthéacs Toirte: An toirt bhliantúil a cheaptar rannóga scéime a ghlanadh go réasúnta.

⁷ Liúntas Míchumais, Sochar Breoiteachta, Pinsean Easláine agus Sochair Dhíobhálacha Ceirde.

(5) Tarchuir chuig FÁS faoin bPlean Gnímh Fhostaíochta	Iad uile ar an mBeochlár tar éis 3 mhí
(6) Tús a chur le híocaíocht nua suas le leath an ráta den Liúntas Cúramora do dhaoine áirithe a fhaigheann íocaíochta eile leasa shóisialaigh, nó atá i dteideal í a fháil	Mar thairbh do 18,000 go neasach

CLÁR 3 – LEANAÍ AGUS TEAGHLAIGH

Spriocanna Ardleibhéil

Tacú le teaghlaigh agus iad a chothú.

Folláine gach leanbh a chinntiú trí thacaíocht ioncaim a chuidíonn le costais tógála linbh i gcoitinne, na cinn a eascraíonn i gcásanna riachtanais nó míbhuntáiste ar leith ina measc.

8. Teidlíochtaí a shocrú agus a chur ar fáil in am, go cruinn agus go héifeachtach;

Eochairstraitéisí leis na Spriocanna Ardleibhéil a bhaint amach

1. Teidlíochtaí a shocrú agus a chur ar fáil in am, go cruinn agus go héifeachtach;
2. Polasaithe a fhorbairt le raon ioncaim agus tacaíochtaí eile do leanaí agus do theaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta a chur ar fáil atá níos éifeachtaí agus níos comhtháite ionas go mbeidh siad in ann féindóthain níos fearr agus cuimsiú sóisialta a bhaint amach;
3. Uasmhéadú a dhéanamh ar líon na ndaoine a ghlacann leis an bhForlíonadh Ioncaim Teaghlaigh trí sheirbhísí tacaíochta fostaíochta agus cláir fhaisnéise shonraithe;
4. Nósanna imeachta oiriúnacha a chur i bhfeidhm le calaois agus earráid a rialú bunaithe ar mheasúnú rioscaí;
5. An tacaíocht agus na hacmhainní atá riachtanach chur ar fáil don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ionas go mbeidh sí in ann a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh agus a straitéis maidir le tacaíochtaí do theaghlaigh a chur i bhfeidhm;
6. Tacú le feabhsuithe i mbailiú agus anailísiú sonraí ar na cúinsí leanaí i dteaghlaigh d'fhonn eolas níos fearr a bheith ann agus polasaithe á ndéanamh;
7. An clár Béilí Scoile a leathnú agus a fhorbairt; agus
8. An Clár Forlíonta Luathchúraim Linbh a riar ar son an Aire do Leanaí.

<u>Ionchuir</u>	<u>Leithdháileadh 2007</u> € milliún
Caiteachas an Chláir - Reatha	2,848.5
Riarachán an Chláir - Pá	6.3
- Neamh-Phá	0.8
Foriomlán Chaiteachas an Chláir	2,855.6
Leithreasáí i gCabhair	- 0.6
Glancaiteachas an Chláir	2,855.0
Líon foirne (cothrom le lánaimseartha) ⁸	137

⁸ An fhoireann atá fostaíte go díreach ar riarachán Sochair Linbh, Forlíonta Luathchúraim Linbh agus Forlíonta Ioncaim Teaghlaigh chomh maith leis an Aonad Gnóthaí Teaghlaigh. Déantar Liúntais Cleithiúnaí Linbh a riar mar chuid den scéim ábhartha i gClár 1, 2 agus 3. Déanann Seirbhís Leasa Phobail FSS an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua a riar.

Aschuir	Spriocanna do 2007	
(1) Meánlíon na leanaí/teaghlaigh		
- Sochar Linbh (leanaí)	1,134,000	
- Liúntais Chleithiúnaí Linbh (leanaí)	342,000	
- Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (teaghlaigh)	27,000	
- Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua (leanaí)	61,000	
(2) Amanna Próiseála d'éilimh nua	Am Imréitigh⁹	Comhthéacs Toirte¹⁰
- Sochar Linbh	90% in 1 sheachtain	168,000
- Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	70% i 3 seachtaine	18,000
(3) Spriocanna Rialaithe	Athbhreithnithe	Coigilteas (€m.)
- Sochar Linbh	35,000	23.5
- Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	15,500	12.5
(4) Athbhreithniú ar thacaíocht ioncaim linbh mar atá faoi chaibidil in <i>I dTreo 2016</i>	Dlite ag deireadh 2007	
(5) Cláir Bhéile Scoile	180,000 béile	1,600 scoil
(6) Forlíonadh Luathchúraim Linbh á riar d'Oifig an Aire do Leanáí	390,000 leanbh	Costas €406 milliún

⁹ Am Imréitigh: Am atá caite idir an dáta a rinneadh an t-éileamh go dtí dáta a fhaightear an cinneadh.

¹⁰ Comhthéacs Toirte: An toirt bhliantúil a cheaptar rannóga scéime a ghlanadh go réasúnta.

Clár 4 – Bochtaineacht agus Cuimsiú Sóisialta

Spríoc Ardleibhéil

Táirgeachtaí níos fearr a bhaint amach ag tabhairt faoi bhochtaineacht agus sochaí atá níos cuimsithí a bhaint amach, trí chomhordú agus forbairt a dhéanamh ar straitéisí frithbhochtaineachta náisiúnta agus iad a chur i bhfeidhm, agus trí ioncam agus seirbhísí tacaíochta eile do dhaoine i bhfiach nó atá i mbaol de bheith i gcruatan a sholáthar

Eochairstraitéisí leis an Spríoc Ardleibhéil a bhaint amach

1. Cur chuige sruthlínithe a chur i bhfeidhm le monatóireacht, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an Phlean Ghnímh Náisiúnta le haghaidh Cuimsiú Sóisialta (PGNcuimsiú), na Tuarascála Náisiúnta ar Straitéisí do Chosaint Sóisialta agus Cuimsiú Sóisialta (NSSPI) agus na gnéithe cuimsithe shóisialta de *I dTreo 2016* agus an *Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013*;
2. Straitéis iomlán cumarsáide den rialtas a chur i bhfeidhm ar chuimsiú sóisialta lena chinntiú go bhfuil eolas agus tuiscint shoiléir ar nádúr, méid agus cúiseanna na bochtaineachta agus eisiata shóisialta agus na straitéisí atá ag an rialtas le tabhairt fúthu;
3. Ionchorprú cuspóirí frithbhochtaineachta agus cuimsithe shóisialta a chur chun cinn i bhforbairt polasáí phoiblí trí na Treoracha ar Mheasúnú ar an Tionchar ar an mBochtaineacht (MTB) a chur i bhfeidhm;
4. Straitéisí sonraí agus taighde oiriúnacha a fhorbairt le heolas a chur ar fáil d'fhorbairt polasaithe frithbhochtaineachta agus le héascú a dhéanamh ar mhonatóireacht fheabhsaithe ar na táirgeachtaí;
5. ioncam íosta caighdeánach ráthaithe a chur ar fáil tríd an scéim Liúntais Leasa Fhorlíontaigh (LLF) do dhuine ar bith sa Stát nach bhfuil dóthain acmhainní acu lena riachtanais bhunúsacha a chomhlíonadh;
6. A chinntiú go léirítear na hathruithe i bpatrúin oibre agus shóisialta sa scéim LLF agus go bhfuil an scéim oiriúnach le riachtanais na ndaoine i sochaí ina bhfuil tacaíocht ioncaim de dhíth, a chomhlíonadh;
7. Riarachán na sceime LLF a fhorbairt i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus tacú leis an aistriú beartaithe d'fheidhmeanna na Seirbhíse Leasa Phobail chuig an Roinn;
8. Leanúint ar aghaidh agus comhoibriú leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil le cur le haistriú na n-éilitheoirí forlíonta chíosá ar an Scéim Cóiríochta Cíosá; agus
9. Tacú, tríd an tSeirbhís Bhuiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA), le teaghlaigh agus daoine aonair atá aitheanta mar dhaoine le fadhbanna fiacha agus iasachta airgid, go háirithe daoine ar ioncaim ísle.

<u>Aschuir</u>	<u>Leithdháileadh 2007</u> € milliún
Caiteachas an Chláir - Reatha	843.4
Riarachán an Chláir - Pá	1.2
- Neamh-Phá	57.7
Foriomlán Chaiteachas an Chláir	902.3
Leithreasáí i gCabhair	- 1.0
Glancaiteachas an Chláir	901.3
Foireann na Roinne (cothrom le lánaimseartha)	28
Oifigigh Leasa Phobail (FSS) go neasach ¹¹	700

<u>Aschuir</u>	<u>Spríocanna do</u> <u>2007</u>
(1) Meánlíon na bhFaightheoirí	
- Buníocaíochtaí LLF	25,300
- Forlíonadh Ciosa	60,500
- Liúntas Breosla	282,000
(2) An chéad tuarascáil ar fhorfheidhmiú Tuarascáil Náisiúnta na hÉireann ar Straitéisí do Chosaint Shóisialta agus Cuimsiú Sóisialta curtha chuig an AE	Meán Fómhair 2007
(3) An chéad Tuarascáil bhliantúil um Chuimsiú Sóisialta curtha isteach chuig an nGrúpa Stiúrtha Páirtíochta <i>I dTreo 2016</i>	Deireadh Fómhair 2007
(4) Tuarascáil ar an dul chun cinn ar phiólótaí ar Mheasúnú ar an Tionchar ar an mBochtaineacht le bheith curtha san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil um Chuimsiú Sóisialta	Deireadh Fómhair 2007
(5) An Tuarascáil Bhliantúil um Chuimsiú Sóisialta le táscairí tomhais ar leith agus foinsí sonraí i dtaca le spríocanna a shonrú	Deireadh Fómhair 2007
(6) SBCA a bhunú ar bhonn reachtúil	Faoi dheireadh 2007

¹¹ Chomh maith leis sin tá 230 ball foirme go neasach fostaithe sa tSeirbhís Bhuiséadaithe agus Comhairle Airgid atá maoinithe ag an Roinn.

CLÁR 5 – CUMAIS OIBRÍOCHTA

Spriocanna Ardleibhéil

A chinntiú gur féidir na seirbhísí a bhfuil na daoine cáilithe dóibh a aimsiú go héasca agus go gcuirtear ar fáil iad i mbealach éifeachtach, éifeachtúil agus comhtháite, trí sholáthar díreach chuig ár gcustaiméirí agus trí thacú le gníomhaireachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil dár gcustaiméirí.

Eagraíocht éifeachtach, inoiriúnaithe agus chumasach a fhorbairt agus cultúr mórtais, nuálaíochta agus feidhmíochta a fhorbairt ina bhfuil an-bhaint ag daoine ag gach leibhéal léi agus timpeallacht a fhorbairt ina gcothaítear forbairt phearsanta agus gairme.

Eochairstraitéisí leis na Spriocanna Ardleibhéil a bhaint amach

1. Plean Gnímh Nuachóirithe na Roinne a chur i bhfeidhm ina leagtar amach 60 réimse le gníomhú a dhéanamh, Nuachóiriú an tSoláthair Sheirbhísí, faisnéis bhainistíochta agus polasaithe athbhreithnithe cáis nua ina measc;
2. Straitéis Acmhainní Daonna nua a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm don tréimhse 2007-2009;
3. Comhtháthú próiseas acmhainní daonna leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin (CBFG) a chur i bhfeidhm;
4. Tacaíochtaí oiliúna agus forbartha ar ardchaighdeán a chur ar fáil do bhainisteoirí agus don fhoireann d'fhonn tacú leis an méid atá bainte amach ag cuspóirí gnó agus straitéiseacha na Roinne;
5. Na córais TFC a fheidhmiú agus a chothabháil le tacú le soláthar na seirbhísí i mbealach atá éasca le haimsiú, atá éifeachtach, éifeachtúil agus comhtháite;
6. Feabhsú leanúnach a chur ar fáil i seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí trí nuachóiriú córasach cleachtas oibre agus trí thacaíochtaí TFC feabhsaithe a fhorbairt;
7. Cultúr seirbhísí do chustaiméirí a chothú agus a fhorbairt tríd an Roinn agus trí na gníomhaireachtaí atá faoina coimirce;
8. Seirbhís faisnéise ardchaighdeán, chuimsitheach agus suas chun dáta a sholáthar agus tacú leis an soláthar sin;
9. Córais cinnidh agus sásaimh do theidlíochtaí leas shóisialaigh atá tráthúil, cruinn agus éifeachtach a choinneáil;
10. Córais láidre de rialú inmheánach, bainistíocht rioscaí agus rialachas corparáideach a choinneáil;
11. A chinntiú go gcuirtear cóiríocht ar ardchaighdeán ar fáil agus go gcoinnítear ar an gcaighdeán is airde é ionas go mbeidh timpeallacht atá glan, compordach agus sábháilte ag custaiméirí agus ag an bhfoireann; agus
12. Modhanna caighdeánacha inrochtana a chur ar fáil tríd an tionscadal Reach ar sheirbhísí poiblí trí Bhróicéir na Seirbhísí Poiblí (BSP).

<u>Ionchuir</u>	<u>Leithdháileadh 2007</u> € milliún
Caiteachas an Chláir – Reatha	30.2
Riarachán an Chláir	
- Pá	44.2
- Neamh-Phá Reatha	117.9
- Neamh-Phá Caipitil	20.3
Foriomlán Chaiteachas an Chláir	212.6
Leithreasaí i gCabhair	- 0.4
Glanchaiteachas an Chláir	212.2
Líon foirne (cothrom le lánaimseartha) ¹²	982

<u>Aschuir</u>	<u>Spriocanna do 2007</u>
AD	An Córas Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin (CBFG) a chomhtháthú le próisis AD eile (e.g. ardú céime agus dul chun cinn ar scálaí tuarastail)
Oiliúint	<ul style="list-style-type: none"> - 350-400 chúrsa oiliúna foirmiúla a chur ar fáil - 13,000 lá oiliúna a chur ar fáil, oiliúint ar an láthair san áireamh - 4% de chostas an phárolla ar a laghad a infheistiú in oiliúint
Sláinte agus Sábháilteacht	A chinntiú go ndéanann gach suíomh roinne measúnú riosca Sláinte agus Sábháilteachta
Próiseáladh toirteanna íocaíochta	65 idirbheart go neasach ina raibh: <ul style="list-style-type: none"> - Ordú Iníochta Pearsanta: 46% - Ríomhaistriú airgid: 33% - Ríomhaistriú faisnéise (trí na hOifigí Poist): 12% - Seic: 9%
Tionscadail nuachóirithe	<ul style="list-style-type: none"> - Cuireadh córas na sochar teaghlaigh NSS i bhfeidhm - Cuireadh scéim Sochair Linbh NSS i bhfeidhm ar ardán teicniúil nua
Poist a díláraíodh faoi chlár an Rialtais	<p>Cora Droma Rúisc: 130 post</p> <p>Sligeach: 50 post</p>
Bainistíocht Rioscaí	Próiseas comhtháite de rioscaí corparáideacha agus oibríochta a chur i bhfeidhm chomh maith le prionsabail na bainistíochta rioscaí a chur isteach i bpróisis ghnó na Roinne
Foirgnimh	143 oifig in 84 cathair/baile, 12 fhoirgneamh ceanncheathrú agus 58 oifig áitiúla san áireamh

¹² Ina measc tá an fhoireann i ngach limistéar tacaíochta den Roinn e.g. Pearsanra, Na Cuntais, An Rannán Seirbhísí Faisnéise (oibríochtaí agus forbairt TF), Bainistíocht Áiseanna, an Aireacht agus Rúnaíocht.